Coláiste | Aonad Bainistíochta	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Scoil | Aonad	Scoil an Leighis UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair *(más ábhartha)*	Riarthóir Sinsearach - Foireann Tacaíochta Riaracháin
Tréimhse an Phoist	Conradh Sealadach 2 bhliain (Cuspóir Sonraithe)
Grád	Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach
Scála Tuarastail	€47,675-€57,973 in aghaidh na bliana
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár – Leibhéal Gairme 2
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2018/087
Bainisteoir Líne	Ciara O'Hanlon
Uimhir Thagartha an Chomórtais	020031
Riarthóir Acmhainní Daonna	Martina Wojcik
Iarratais agus Dáta Deiridh	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre	Níl

Achoimre ar an bPost:

Is mian le Oifig Scoil an Leighis riarthóir a earcú le bheith ar Fhoireann Tacaíochta Riaracháin. Ag tuairisciú do Stiúrthóir Oifig Scoil an Leighis (nó a (h)ainmní), cuirfidh an Fhoireann Tacaíochta Riaracháin tacaíocht riaracháin dhinimiciúil, inoiriúnaithe agus ghairmiúil ar fáil ar fud na Scoile. Beidh sé mar phríomhthosaíocht ag an bhfoireann tacaíochtaí dírithe ar mhic léinn a sholáthar agus tacaíocht oibríochtúil acadúil den scoth a chinntiú.

Cuirfidh an Fhoireann Tacaíochta Riaracháin saineolas riaracháin den scoth ar fáil don Scoil ó lá go lá. Cinnteoidh siad fresin go gcuirfear tacaíochtaí acadúla agus tacaíochtaí dírithe ar mhic léinn ar fáil go gairmiúil agus go héifeachtach. Áirítear leis seo, seirbhís an-solúbtha, fhreagrach agus éifeachtach a sholáthar do mhic léinn, do scoileanna, do bhaill foirne agus do gheallsealbhóirí tábhachtacha eile chun spriocanna comhchoiteanna na Scoile a chur chun cinn.

Agus iad ag feidhmiú i dtimpeallacht spreagúil atá ag athrú i gcónaí, beidh freagrachtaí éagsúla ag sealbhóir an phoist chun tacú le cur i bhfeidhm agus oibriú rathúil na seirbhíse tacaíochta acadúla agus mac léinn atá ag an bhFoireann Scoile nua go héifeachtach, chomh maith le cur i bhfeidhm USM nua na hOllscoile. Beidh tacaíocht riaracháin láidir á soláthar don Fhoireann Scoile agus d'fhoireann Cumarsáide Scoil an Leighis—le fócas ar chomhordú imeachtaí, tacaíocht AD, agus feidhmeanna riaracháin ghinearálta—mar phríomhthosaíocht don ról seo.

Beidh príomhréimse fócais ag gach ball den Fhoireann Tacaíochta Riaracháin. Mar sh. Margaíocht & Cumarsáid, Tacaíocht Taighde, Tacaíocht Clár, Tacaíocht Choiste, Tacaíocht Ceannaireachta Acadúla agus tuairisceoidh siad chuig ainmní laistigh dá bpríomhréimse fócais.

Ag obair i gcomhar le chéile, déanfaidh baill den Fhoireann Tacaíochta Riaracháin tascanna riaracháin lasmuigh dá bpríomhréimsí fócais. Cothaíonn an cur chuige seo timpeallacht sholúbtha agus chomhoibríoch, feabhsóidh sé an cumas clúdach trasna a sholáthar do bhaill a foirne, bainisteoidh sé an t-ualach oibre agus cuirfidh sé comhroinnt eolais chun cinn ar fud na foirne.